An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

RÁITEAS STRAITÉISE 2015 - 2017

AN ROINN EALAÍON, OIDHREACHTA AGUS GAELTACHTA

Focal ón Aire

Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo na gníomhartha a dhéanfaidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta thar an tréimhse atá romhainn ar mhaithe le cáilíocht na beatha in Éirinn a shaibhriú trínár gcultúr, trínár n-ealaíona, trínár n-oidhreacht agus trínár dteanga atá saibhir a chosaint agus a chur chun cinn. Léirítear ann freisin an dóigh a chuirfidh an Roinn le fás geilleagrach inbhuanaithe agus le muintir na hÉireann a chur ar ais i mbun oibre. Déanfar na spriocanna ardleibhéil, na straitéisí, an t-aschur agus na torthaí atá sa Ráiteas Straitéise seo a léiriú sna pleananna gnó agus sna pleananna oibre aonair de chuid na foirne sa Roinn ionas go mbeidh tuiscint shoiléir ag gach ball foirne ar an tábhacht a bhaineann leis an ról atá acu agus ar an méid a chuirfidh siad le comhlíonadh na spriocanna lena mbaineann. Táim ag súil le bheith ag obair leis an bhfoireann agus le páirtithe leasmhara eile chun a chinntiú go gcuirfidh obair na Roinne feabhas ar bheatha daoine le linn na tréimhse atá romhainn.

Heather Humphreys, T.D.,
An tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

Focal ón Ard-Rúnaí	An Timpeallacht ina nOibrímid... Príomhdhúshláin agus Príomhdheiseanna	Is é an Misean atá againn...
Tá áthas orm an dara Ráiteas Straitéise don Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a chur i láthair. Déanann an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta maoirseacht ar chaomhnú, cosaint, forbairt agus cur i láthair na hoidhreachta, na n-ealaíon agus an chultúir shaibhir atá againn in Éirinn. Tá freagracht ar an Roinn beartas a cheapadh ina leith sin freisin. Tá baint ag an Roinn freisin leis an nGaeilge a chur chun cinn, leis an nGaeltacht a fhorbairt agus le pobail oileáin a fhorbairt go hinbhuanaithe. Mar aon leis an luach dúchasach ollmhór a ghabhann leo, is taitneamhacht luachmhar iad ár dteanga, ár gcultúr agus ár n-oidhreacht ó thaobh gnó agus turasóireachta de agus tugann siad deis dúinn tacú le hathnuachan gheilleagrach agus Éire a chur i láthair mar cheann scríbe tarraingteach le haghaidh infheistíocht inbhuanaithe isteach. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo na spriocanna ardleibhéil atá ag an Roinn don tréimhse atá romhainn, in éineacht leis na straitéisí a úsáidfimid chun na spriocanna sin a chomhlíonadh agus leis na torthaí dearfacha a bhféachfaimid lena mbaint amach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na Roinne agus na gcomhlachtaí a thagann faoina coimirce, le páirtithe leasmhara eile agus le gach duine a ghlac páirt sa	Leanfaimid de bheith ag cur le comhlíonadh gealltanais an Rialtais i g*Clár an Rialtais 2011-2016* agus sa *Ráiteas ar Thosaíochtaí an Rialtais 2014-2016* agus i straitéisí agus i gcreataí eile a théann i bhfeidhm ar obair na Roinne. Tá méid suntasach á chur ag na hearnálacha oidhreachta, ealaíon, cultúir agus cruthaitheacha le téarnamh geilleagrach náisiúnta trí rannchuidiú a dhéanamh maidir le turasóireacht agus trí choinneáil post agus fás post a chothú. Oibreoimid chun an cháil atá ar Éirinn mar mhol sármhaitheasa chultúrtha agus ealaíonta a chosaint. Oibreoimid freisin chun cur lena tharraingtí atá Éire mar cheann scríbe turasóireachta agus chun téarnamh geilleagrach náisiúnta a bhrú chun cinn trí rannpháirtíocht sa Phlean Gníomhaíochta do Phoist. Leanfaimid de bheith ag obair chun síocháin a chosaint agus a fheabhsú i dTuaisceart Éireann agus chun leibhéal an chomhoibrithe Thuaidh/Theas a mhéadú ar fud an réimse gníomhaíochtaí as a bhfuil freagracht orainn. Imríonn reachtaíocht agus tionscnaimh idirnáisiúnta agus AE tionchar suntasach ar na beartais agus ar na cláir as a bhfuil freagracht ar an Roinn seo. Leanfaimid ar aghaidh lenár gceangaltais don AE agus lenár gceangaltais idirnáisiúnta a chomhlíonadh agus le dul i dteagmháil le Ranna is comhpháirtithe agus le comhlachtaí eile chun cúnamh a thabhairt dóibh comhoibleagáidí a chomhlíonadh. Glacfaimid páirt i bhfóraim chuí ina spreagtar ceapadh beartais, comhroinnt faisnéise agus deiseanna forbartha. Agus *Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (Comhaontú Bhóthar Haddington) 2013-2016* mar chúlra air, féachann an *Plean Comhtháite um Sholáthar Athchóirithe* ón Roinn lena chinntiú go leanfaidh cur chun	**Oidhreacht agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus a chosaint; úsáid na Gaeilge a mhéadú; tacú le forbairt inbhuanaithe na n-oileán; agus turasóireacht chultúrtha a fhorbairt.** **An dóigh a bhféachfaimid lenár gcuid oibre a dhéanamh...** Is mór againn an caidreamh atá againn lenár gcustaiméirí agus lenár bpáirtithe leasmhara agus tá rún daingean againn seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar ar aon dul leis na gealltanais a thugtar inár gCairt um Sheirbhísí do Chustaiméirí, inár bPlean Gníomhaíochta agus i Scéim Ghaeilge na Roinne. Is mór againn macántacht, ionracas, neamhchlaontacht agus cothroime. Cuirfimid comhairle beartais atá neodrach agus eolach ar an Aire agus ar an Rialtas agus déanfaimid ár ndícheall a chinntiú gur chun leas na tíre a bhíonn na cinntí a dhéanaimid. Féachfaimid i gcónaí le feabhas a chur ar an dóigh a n-oibrímid, ar na seirbhísí a sholáthraímid agus ar an dóigh a gcuirimid ár gcuid oibre in iúl. Déanfaimid ár ndícheall féachaint thar theorainneacha eagrúcháin chun caidreamh oibre atá dearfach agus comhoibríoch a fhorbairt le Ranna eile, le comhlachtaí earnála poiblí agus le páirtithe leasmhara, agus cur chuige comhpháirteach á chothú againn i leith ár gcuid oibre a bhainistiú.

phróiseas comhairliúcháin. Cé go bhfuilimid ag obair i dtimpeallacht atá dúshlánach go fóill, leanfaimid de bheith ag obair le chéile chun seirbhísí ar ardchaighdeán agus struchtúir agus beartais atá éifeachtach a sholáthar.

Seosamh Ó hÁghmaill
Ard-Rúnaí

feidhme na mbeart athchóirithe ar aghaidh le héifeachtúlachtaí agus le coigilteas méadaithe a bhaint amach.

Tá an Roinn tiomanta go hiomlán don chlár leanúnach athraithe sa Státseirbhís, rud arb é is aidhm leis acmhainn a fhorbairt chun freagairt do dhúshláin atá ann faoi láthair agus dóibh siúd a bheidh ann amach anseo agus chun feidhmíocht na Státseirbhíse agus a foirne a fheabhsú. Le Plean Athnuachana na Státseirbhíse, soláthraítear an creat d'athnuachan na Státseirbhíse thar an gcéad trí bliana eile. Leagtar amach sa Phlean fís don Státseirbhís agus athruithe praiticiúla a chruthóidh Státseirbhís a bheidh níos aontaithe, níos gairmiúla, níos sofhreagraí, níos oscailte agus níos cuntasaí, rud a chuirfidh seirbhís den chéad scoth ar fáil don Stát agus do mhuintir na hÉireann. Díreofar go sonrach ar cheannaireacht láidir agus ar rannpháirtíocht ghníomhach a bhaint amach i gcur chun feidhme an chláir athraithe thar an tréimhse.

Leanfaimid ar aghaidh le dul i dteagmháil go dearfach leis na comhlachtaí agus leis na gníomhaireachtaí a mhaoinítear ó Vóta na Roinne agus le gach páirtí leasmhar eile d'fhonn ár spriocanna agus ár straitéisí a chur chun feidhme agus d'fhonn cúnamh a thabhairt dóibh a gcuid cuspóirí a bhaint amach.

Déanfaimid monatóireacht ar chur chun feidhme an *Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit*.

Oibreoimid lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun an dea-chleachtas a chur chun feidhme maidir le cosaint leanaí agus maidir le rannpháirtíocht leanaí nuair a bhíonn ár gcláir agus ár mbeartais á bhforbairt.

Oibreoimid lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus san Údarás Náisiúnta Míchumais chun a chinntiú go mbíonn rochtain ag gach duine ar ár seirbhísí agus ar sheirbhísí de chuid na gcomhlachtaí agus na ngníomhaireachtaí a mhaoinítear ónár Vóta.

Tacaíonn an Roinn le cur chun feidhme na ngealltanas a

Díreoimid ar thorthaí níos fearr a bhaint as na hacmhainní a úsáidtear agus cuirfimid cultúr cuntasachta, follasachta, éifeachtúlachta agus luach ar airgead chun cinn inár gcuid oibre ar fad. Éistfimid lenár bpáirtithe leasmhara agus lenár gcustaiméirí agus féachfaimid i gcónaí le foghlaim, le forbairt agus le feabhsú.

Déanfaimid cur chun feidhme ar an ngealltanas a thugtar sa Ráiteas ar Thosaíochtaí an Rialtais sonraí a fhoilsiú go córasach faoi gach ceapachán chuig Boird Stáit.

Cothóimid cothromaíocht inscne ar fud boird Stáit d'fhonn an sprioc atá ag an Rialtas ina leith sin a chomhlíonadh, is é sin, go mbeidh 40% ar a laghad de bhallraíocht gach boird comhdhéanta den dá inscne.

Déanfaimid cur chun feidhme ar ghealltanas an Rialtais beartais a chur chun cinn lena n-imeasctar grúpaí mionlaigh eitnigh in Éirinn agus lena gcothaítear cuimsiú sóisialta, comhionannas, ilchineálacht agus rannpháirtíocht inimirceach i saol geilleagrach, sóisialta agus cultúrtha a gcuid pobail.

	bhaineann le rialtas áitiúil agus le forbairt áitiúil a ailíniú níos gaire dá chéile, faoi mar atá leagtha amach sa doiciméad *Tús Áite do na Daoine – Clár Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach*. Oibreoimid lenár gcomhghleacaithe ar fud an Rialtais chun cur chuige comhsheasmhach, lena gcuimsítear an rialtas ar fad, a chur chun feidhme i leith idirghabhálacha agus cláir a phleanáil agus a sholáthar ar son forbairt áitiúil agus forbairt pobail agus i leith cuspóirí na Roinne a chur chun cinn ar fud na réimsí a bhaineann le cultúr, le hoidhreacht, le teanga, le hoileáin agus leis an nGaeltacht.	

NA hEALAÍONA AGUS CULTÚR

Is é an sprioc atá againn...
Láidreachtaí ealaíonta agus cruthaitheacha na hÉireann a chur chun cinn agus a fhorbairt sa tír seo agus thar lear agus an chuid is fearr a bhaint as an luach sochaíoch, geilleagrach agus clúimheasa a ghabhann leo don tír.

Má chomhlíontar ár spriocanna, bainfear na torthaí dearfacha seo a leanas amach...
Déanfar bua ealaíonta agus cruthaitheach Éireannach a chothú agus a fhorbairt, go háirithe trí chláir na Comhairle Ealaíon, agus beidh an cháil atá ar Éirinn mar mhol sármhaitheasa ealaíonta á cosaint.

Beidh feabhas ar rochtain ar na healaíona, ar bhailiúcháin na bhForas Cultúrtha Náisiúnta agus ar an mbonneagar ealaíon réigiúnach.

Freastalófar ar thurasóireacht chultúrtha ar fud na tíre i gcomhar le húdaráis náisiúnta agus áitiúla agus le comhpháirtithe eile.

Leanfaidh an earnáil léiriúcháin scannán agus teilifíse de bheith faoi lán seoil.

Déanfar dul chun cinn ar chur chun feidhme an ghealltanais atá sa Ráiteas ar Thosaíochtaí an Rialtais chun comhordú agus eagrú a dhéanamh ar imeachtaí agus ar chuimhneacháin a bhaineann le turas na hÉireann i dtreo neamhspleáchais agus atá measúil ar na traidisiúin agus ar na pobail

Bainfimid ár spriocanna amach trí na straitéisí seo a leanas...

Forbairt a dhéanamh ar Bheartas Cultúir Náisiúnta – *'Cultúr 2025'* – agus ar phróiseas lena dtacófar leis an mbeartas sin a sholáthar i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha.

Bailiúcháin agus cláir thaispeántais náisiúnta a chaomhnú agus a fheabhsú agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh réigiúnacha agus áitiúla i gcomhar leis na Forais Chultúrtha Náisiúnta agus le páirtithe leasmhara eile.

Leanúint ar aghaidh leis an tionscnamh *'Na hEalaíona san Oideachas'* a fhorbairt.

Leanúint ar aghaidh le bonneagar ealaíon agus cultúrtha na hÉireann a fhorbairt, de réir mar a ligeann acmhainní é sin.

Earnáil scannán, teilifíse agus beochana na hÉireann a fhorbairt agus a chur chun cinn.

Tacú le láithreacht ealaíontóirí Éireannacha ar an ardán idirnáisiúnta agus lucht féachana/éisteachta nua a fhorbairt ar fud an domhain, agus cultúr á leabú i straitéis an Rialtais um chur chun cinn idirnáisiúnta.

Forbairt agus soláthar chlár cuimhneacháin an Rialtais a stiúradh, agus béim ar leith á cur ar *Éire 2016*, ar tionscnamh náisiúnta é atá deartha chun 100 bliain ó Éirí Amach 1916 a chomóradh.

Dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara ábhartha eile chun tacú le tionscadail shuaitheanta chaipitil

Is féidir ár bhfeidhmíocht a thomhas bunaithe ar ár n-éachtaí maidir leis an aschur seo a leanas a sholáthar...

- Is foilsithe atá an Bille um an gCeoláras Náisiúnta.
- Is foilsithe atá an beartas *'Cultúr 2025'*.
- Is ann do scéimeanna tacaíochta agus do mhaoiniúchán cuí, agus critéir a chinnteoidh luach ar airgead ag gabháil leo.
- Is ann do chláir fheabhsaithe bhailiúcháin agus thaispeántais agus is bainte amach atá méadú i líon na ndaoine a thugann cuairt ar bhailiúcháin agus ar thaispeántais agus a bhaineann úsáid astu.
- Is comhdhlúite atá na córais *'Na hEalaíona san Oideachas'* sa Roinn seo agus sa Roinn Oideachais agus Scileanna chun tacú le riachtanais chultúrtha leanaí agus daoine óga.
- Is ann do ghníomhaíocht gheilleagrach bhreise sa tionscal closamhairc.
- Is bainte amach atá tuilleadh deiseanna gairme d'ealaíontóirí Éireannacha, lena n-áirítear conarthaí chun obair a chur i láthair ar fud an domhain.
- Is ann do rannpháirtíocht an phobail, na bhForas Cultúrtha Náisiúnta, gaolta agus páirtithe leasmhara eile sa chlár cuimhneacháin *Éire 2016* a chur i bhfeidhm agus a sholáthar.
- Is críochnaithe atá na tionscadail shuaitheanta chaipitil chuimhneacháin, agus iad ar oscailt don phobal go luath sa bhliain 2016.
- Is i bhfeidhm atá imeachtaí cuimhneacháin cuí le haghaidh Dheich mBliana na gCuimhneachán a bheidh ar siúl go dtí deireadh na bliana 2017.

éagsúla atá againn ar oileán na hÉireann. Áiritheofar oidhreacht luachmhar na dtionscadal suaitheanta caipitil cuimhneacháin.	chuimhneacháin a sholáthar go tráthúil.	

OIDHREACHT

Is é an sprioc atá againn...

Ár n-oidhreacht uathúil a chaomhnú agus a bhainistiú chun tairbhe do ghlúine reatha agus amach anseo d'fhonn tacú le hathnuachan gheilleagrach agus le fostaíocht inbhuanaithe ar aon dul le hoibleagáidí dlíthiúla.

Má chomhlíontar ár spriocanna, bainfear na torthaí dearfacha seo a leanas amach...

Cuirfidh ár n-oidhreacht thógtha agus nádúrtha le sláinte, le folláine, le taitneamh agus le fás geilleagrach inbhuanaithe ar bhonn náisiúnta.

Beidh feasacht níos fearr ann ar luach oidhreacht na hÉireann agus beidh leas níos fearr ag páirtithe leasmhara san oidhreacht sin a chosaint.

Comhlíonfaimid ceangaltais náisiúnta, AE agus idirnáisiúnta agus seachnófar aon damáiste clúimheasa ná airgeadais.

Beidh feabhas ag teacht ar riocht ár ngnáthóg agus ár

Bainfimid ár spriocanna amach trí na straitéisí seo a leanas...

A chinntiú go bhfuil sraith beartas agus reachtaíochta i bhfeidhm in Éirinn chun freastal ar riachtanais nua-aimseartha ar aon dul le hoibleagáidí oidhreachta AE agus idirnáisiúnta.

Cur chun feidhme éifeachtach beartas agus reachtaíochta oidhreachta agus, nuair is cuí, forfheidhmiú éifeachtach beartas agus reachtaíochta oidhreachta, a chinntiú, lena n-áirítear trí thríú páirtithe.

Obair a dhéanamh le haonáin eile Stáit agus le haonáin nach aonáin Stáit iad chun a chinntiú go bhfuil na struchtúir is cuí i bhfeidhm chun seirbhísí oidhreachta tógtha agus nádúrtha a sholáthar.

Meas agus tuiscint níos fearr a chur chun cinn ar oidhreacht shaibhir na hÉireann mar thaitneamhacht luachmhar do ghnó, d'fhorbairt pobail, d'fheirmeoireacht agus do thurasóireacht agus mar bhealach chun Éire a chur i láthair mar cheann scríbe tarraingteach le haghaidh infheistíocht inbhuanaithe isteach.

Is féidir ár bhfeidhmíocht a thomhas bunaithe ar ár n-éachtaí maidir leis an aschur seo a leanas a sholáthar...

- Is foilsithe atá an Bille um Shéadchomharthaí Náisiúnta.
- Is curtha ar aghaidh atá an t-athbhreithniú ar na hAchtanna um Fhiadhúlra.
- Is glactha atá An Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha.
- Is curtha chun feidhme atá an t-athbhreithniú ar fheidhmiú Chuid IV (Oidhreacht Ailtireachta) de na hAchtanna um Pleanáil agus Fhorbairt.
- Is curtha chun feidhme atá beartas an Rialtais maidir le hailtireacht.
- Is forbartha chun freagairt do dhúshláin an athraithe aeráide atá beartais oidhreachta.
- Is forbartha atá an beartas turasóireachta cultúrtha agus oidhreachta.
- Is ann d'fheabhas leanúnach maidir le comhlíonadh dhlíthe dúlra AE.
- Is forbartha atá straitéisí nua le haghaidh seirbhísí oidhreachta nádúrtha agus tógtha.
- Is ann d'ionchur leanúnach i mbeartas oidhreachta AE agus idirnáisiúnta a fhorbairt.
- Is réitithe atá saincheisteanna maidir le cosaint tailte móna, lena n-áirítear deireadh le baint móna i Limistéir Chaomhantais Speisialta ar portach ardaithe iad agus i Limistéir Oidhreachta Nádúrtha, tríd an Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna a thabhairt chun críche, tríd an bPlean Náisiúnta um Limistéir Chaomhantais Speisialta ar Portach Ardaithe iad a Bhainistiú agus trí scéimeanna cúitimh/athlonnaithe agus trí bheartais éifeachtacha um chomhlíonadh a fheidhmiú go leanúnach.
- Is curtha i gcrích atá gach ceann de na hainmniúcháin chaomhantais dúlra a éilítear faoi dhlí AE.
- Is i bhfeidhm atá beartais chuí chaomhantais dúlra, lena n-áirítear trí mhonatóireacht agus trí thuairisciú éifeachtach, trí scéimeanna éifeachtacha um an gcomhshaol talmhaíochta a fheidhmiú, trí rialuithe ar speicis choimhthíocha ionracha, trí rialuithe custam ar speicis i mbaol, agus trí leas a bhaint as clár maoiniúcháin AE.
- Is ann d'eispéireas níos fearr do chuairteoirí ar pháirceanna náisiúnta agus ar anaclanna dúlra, lena n-áirítear trí líonra rianta níos fearr, trí fhorbairt spriocdhírithe bonneagair agus trí thionscadal suaitheanta Theach Chill Airne.
- Is curtha ar aghaidh atá ainmniúcháin fhéideartha mar Láithreáin Oidhreachta Domhanda

speiceas nádúrtha. Déanfar ár n-oidhreacht thógtha a chosaint agus a bhainistiú go hinbhuanaithe le haghaidh glúine amach anseo.	A chinntiú go ndéantar seirbhísí oidhreachta a sholáthar chomh héifeachtach agus is féidir do chustaiméirí na Roinne, lena n-áirítear tríd an gComhairle Oidhreachta agus trí thríú páirtithe eile. A bheith ag obair go dlúth le Ranna eile agus le gníomhaireachtaí chun sineirgí a bhaint amach agus obair a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla chun ár spriocanna a chomhlíonadh.	agus is cothrom le dáta atá pleananna bainistíochta reatha. ➢ Is a bheag nó a mhór críochnaithe atá Fardal Náisiúnta Oidhreachta Ailtireachta (NIAH) na hÉireann. ➢ Is ann do dhreasachtaí airgeadais agus fioscacha agus do nithe eile a chabhraíonn go díreach le líon na struchtúr oidhreachta tógtha agus na gceantar stairiúil atá ann. ➢ Is cruthaithe atá clár nua séadchomharthaí tar éis achtú an Bhille um Shéadchomharthaí. ➢ Is foilsithe atá taifead na long báite faoi chosaint. ➢ Is ann d'fheidhmiú éifeachtach an róil mar chomhairlí oidhreachta faoi reachtaíocht pleanála, rud lena dtugtar cosaint chuí d'acmhainní oidhreachta na hÉireann. ➢ Is ann do bheartais, do threoirlínte, do chóid chleachtais agus do Chomhaontuithe Seirbhíse atá cuí le páirtithe oifigiúla agus le príomhearnálacha a théann i bhfeidhm ar chosaint oidhreachta. ➢ Is feabhsaithe atá an soláthar seirbhísí agus faisnéise oidhreachta ar líne, go háirithe trí sheirbhísí GIS ar ardchaighdeán. ➢ Is ann do chóras leictreonach faisnéise réadmhaoine, rud a forbraíodh laistigh den Roinn.

AN GHAEILGE, AN GHAELTACHT AGUS NA hOILEÁIN		
Is é an sprioc atá againn... Tacú leis an nGaeilge, úsáid na Gaeilge a neartú mar phríomhtheanga pobal na Gaeltachta agus cabhrú le forbairt inbhuanaithe pobal oileáin.	**Bainfimid ár spriocanna amach trí na straitéisí seo a leanas...** An *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* a chur chun feidhme. An próiseas pleanála teanga a chur chun feidhme i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus le Foras na Gaeilge faoi Acht na Gaeltachta 2012. Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur chun feidhme, lena n-áirítear rannpháirtíocht dhearfach ghníomhach leis an gCoimisinéir Teanga. A chinntiú go bhfuil na struchtúir agus na scéimeanna a theastaíonn i bhfeidhm chun tacú leis an nGaeilge laistigh den Ghaeltacht agus lasmuigh di araon. Tacú le hÚdarás na Gaeltachta mar ghníomhaireacht forbartha réigiúnaí don Ghaeltacht. Soláthar seirbhísí a éascú do phobail oileáin. A bheith ag obair le Ranna, le gníomhaireachtaí agus le páirtithe leasmhara eile atá cuí chun ár spriocanna a bhaint amach.	**Is féidir ár bhfeidhmíocht a thomhas bunaithe ar ár n-éachtaí maidir leis an aschur seo a leanas a sholáthar...** ➢ Is foilsithe atá Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú). ➢ Is ann do dhul chun cinn ar na 9 réimse gnímh atá leagtha amach sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* a chur chun feidhme. ➢ Is ann do dhul chun cinn ar an bpróiseas pleanála teanga a chur chun feidhme faoi Acht na Gaeltachta 2012. ➢ Is ann do dhul chun cinn ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chur chun feidhme trí scéimeanna teanga a chomhaontú le comhlachtaí poiblí. ➢ Is ann do mhéadú i líon na nGaeilgeoirí de réir an Daonáirimh. ➢ Líon na ndaltaí atá ag freastal ar choláistí Gaeilge sa Ghaeltacht. ➢ Líon na bpost atá á gcruthú agus á gcoinneáil sa Ghaeltacht. ➢ Líon na ndaoine atá ag úsáid seirbhísí iompair fóirdheontais chuig oileáin amach ón gcósta.
Má chomhlíontar ár spriocanna, bainfear na torthaí dearfacha seo a leanas amach... Tacófar leis an nGaeilge, laistigh den Ghaeltacht agus lasmuigh di araon. Tacófar le cruthú post agus le coinneáil post sa Ghaeltacht. Tacófar le forbairt inbhuanaithe pobal oileáin.		

COMHOIBRIÚ THUAIDH/THEAS		
Is é an sprioc atá againn... Comhoibriú Thuaidh/Theas a chur chun cinn, go háirithe i gcás an Fhorais Teanga agus Uiscebhealaí Éireann. **Má chomhlíontar ár spriocanna, bainfear na torthaí dearfacha seo a leanas amach...** Beidh rannpháirtíocht ghníomhach Thuaidh/Theas ann ar fud shainchúram na Roinne. Cuirfear an Ghaeilge, an cultúr Gaelach, Ultais agus cultúr Albanach Uladh chun cinn ar bhonn uile-oileáin. Déanfar na huiscebhealaí inseolta intíre a chothabháil agus a fhorbairt go leanúnach, go háirithe chun críocha áineasa. Tacú le gealltanas a thugtar sa Ráiteas ar Thosaíochtaí an Rialtais a bhaint amach, is é sin, leanúint le forais Thuaidh/Theas a fhorbairt, agus béim ar leith á cur ar fhorbairt bonneagair i réigiún na teorann.	**Bainfimid ár spriocanna amach trí na straitéisí seo a leanas...** Rannpháirtíocht leanúnach chun tacú leis an bhForas Teanga agus le hUiscebhealaí Éireann, an dá Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas a chómhaoiníonn an Roinn. Deiseanna a lorg le comhpháirtithe i dTuaisceart Éireann chun comhoibriú a fheabhsú ar fud réimsí eile a thagann faoi shainchúram na Roinne seo, lena n-áirítear na healaíona, cultúr, oidhreacht agus cuimhneacháin. A bheith ag obair le hUiscebhealaí Éireann chun an bonneagar uiscebhealaí a fheabhsú sa dá dhlínse.	**Is féidir ár bhfeidhmíocht a thomhas bunaithe ar ár n-éachtaí maidir leis an aschur seo a leanas a sholáthar...** ➢ Is ann do thuilleadh tacaí comhpháirteacha don Chomhlacht Forfheidhmithe Teanga agus don Chomhlacht Forfheidhmithe Uiscebhealaí Intíre. ➢ Líon na n-eagraíochtaí a maoiníonn an Foras Teanga iad. ➢ Céatadán na n-uiscebhealaí is inseolta le linn an tséasúir bhádóireachta. ➢ Is ann d'fheabhsuithe ar an mbonneagar uiscebhealaí. ➢ Rannpháirtíocht mhéadaithe ar fud raon gníomhartha sna réimsí seo a leanas: na healaíona, cultúr, oidhreacht agus cuimhneacháin.

Tacóidh na cumasóirí seo a leanas linn ár spriocanna a bhaint amach
➢ Struchtúir agus foireann na Roinne a chur ar chomhréim go héifeachtach chun imscaradh sofhreagrach solúbtha a áirithiú ar mhaithe le tosaíochtaí straitéiseacha ar leith a chomhlíonadh. ➢ Próisis éifeachtacha phleanála gnó a bheith ann agus bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar fheidhmíocht foirne agus ar fheidhmíocht daoine aonair. ➢ Timpeallacht dhearfach oibre a chur chun cinn, áit a gcaithfear le comhghleacaithe le meas agus le dínit. ➢ Riosca a thomhas agus a bhainistiú go cuí agus an dea-chleachtas a chomhlíonadh i gcórais, i struchtúir agus i nósanna imeachta rialachais chorparáidigh. ➢ Beartais agus nósanna imeachta atá éifeachtach agus láidir a bheith ann ó thaobh bainistíocht airgeadais agus soláthair de chun a chinntiú go mbainfear luach ar airgead amach a mhéid is féidir ar fud ghníomhaíochtaí ceannaigh agus chaiteachas na Roinne agus chun a chinntiú go soláthrófar torthaí inbhuanaithe don cháiníocóir. ➢ Forbairt leanúnach a dhéanamh sna réimsí seo a leanas: seirbhísí comhroinnte párolla, seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise (TF) agus acmhainní daonna. ➢ Úsáid níos fearr a bhaint as Comhaontuithe Seirbhíse idir na Ranna agus na comhlachtaí agus na gníomhaireachtaí a mhaoinítear ó Vóta na Roinne ar mhaithe le soiléire ról agus freagrachtaí agus le cuntasacht mhéadaithe a chinntiú. ➢ Córais phróiseála sonraí agus faisnéise a bhainistiú agus a úsáid ar bhealach níos fearr. ➢ Úsáid níos fearr a bhaint as Teicneolaíochtaí Digiteacha agus as Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide chun soláthar seirbhísí/cumarsáid a fheabhsú agus a chuíchóiriú agus chun feabhas a chur ar an rochtain atá ag ár gcustaiméirí ar sheirbhísí na Roinne.